# Eisiúint Nuachta

**14 Deireadh Fómhair 2022**

## Coiscéimeanna na Coille ag filleadh ar Shliabh gCuillinn le hEispéireas Draíochtúil na Samhna

### An bhfuil tú cróga go leor chun na Coiscéimeanna diamhara a leanstan?

Beidh an Oll-Eachtra dheiridh de chuid *Visit Mourne* 2022 – 'Coiscéimeanna na Coille' ar siúl i bPáirc Foraoise Shliabh gCuillinn ón Déardaoin 27 go dtí an Luan 31 Deireadh Fómhair.

Déanfaidh an t-eispéireas tumthach seo fá choinne Oíche Shamhna ceiliúradh ar an fhéile Ghaelach darb ainm "Samhain", a cheanglaíonn deireadh aimsir an fhómhair agus tús an gheimhridh.  Tá an imeacht seo stiúrtha ag an scríbhneoir, taibheoir agus bean de bhunadh an Iúir, Rozlyn Sheridan. Rachaidh cuairteoirí ar turas go dtí an saol osnádúrtha*,* le foghlaim faoi bhunús Ceilteach Oíche Samhna.

Treoróidh carachtair i gcultacha tú ar chonair dar teideal 'Filleadh an Gheimhridh' agus tú ag iarraidh fathach Shliabh gCuillinn a choinneáil ina choladh. Ar an chosán scáthmhar, bí ag faire amach don Phúca, Jack O Lantern agus Beara, an chailleach cháiliúil, a rinne feall ar Fhionn Mac Cumhaill trí iarraidh air léim isteach sa loch chun a fáinne óir a aimsiú, chun go bhfillfeadh sé mar sheanfhear céasta. Chomh maith le carachtair scanrúla beidh soilse iontacha, scéalaíocht mhiotasach agus go leor tascanna le cur i gcrích ag na páistí ar an bhealach.

Nuair a bhí Cathaoirleach Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Michael Savage ag labhairt faoin imeacht, dúirt sé "Gach bliain éiríonn le Coiscéimeanna na Coille ceiliúradh a dhéanamh, oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil, chomh maith le haird a tharraingt ar mhiotais, fhinscéalta, thírdhreach agus thraidisiúin na háite ársa seo i mbealach úr agus nuálaíoch. Agus téama nua Oíche Shamhna ag an Oll-Eachtra dheiridh seo de chuid *Visit Mourne* 2022, beidh Sliabh gCuillinn foirfe mar shuíomh arís eile chun tairbhe a bhaint as an fhoraois, an chlapsholas agus as meascán íomhanna, fuaimeanna agus teicneolaíochta chun domhan samhlaíoch a chruthú dúinn."

Lean an Cathaoirleach, an Comhairleoir Savage, "Anuas ar Choiscéimeanna na Coille, beidh go leor imeachtaí scanrúla, spraíúla agus diamhara eile ar siúl ar fud an cheantair thar Oíche Shamhna agus an sos lár téarma. Cuireann imeachtaí mar seo deiseanna áineasa agus fóillíochta ar fáil do chónaitheoirí agus meallann siad cuairteoirí agus caiteachas nua chun an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Cuidíonn siad fosta le cur le próifíl ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpáirceanna agus tá áthas orm go mbeidh an oiread sin cúiseanna ag daoine a gcuid saoire a chaitheamh anseo i rith an Fhómhair."

Cuirfear tús le Coiscéimeanna na Coille gach tráthnóna ag 5.30in le conair atá oiriúnach do dhaoine le huathachas, agus beidh an imeacht ar siúl gach uair an chloig go dtí an seisiún deiridh, a thosaíonn ag 8.30in. Beidh turas Gaeilge ar siúl ar cheann de na hoícheanta fosta. Beidh deochanna te agus smailceacha ar díol ag Sráidbhaile na Samhna ag an imeacht.

# Eisiúint Nuachta

**14 Deireadh Fómhair 2022**

Cuirtear i gcuimhne do chuairteoirí go bhfuil an imeacht le bheith ar siúl go mall sa tráthnóna i bpáirc foraoise. Tá talamh míchothrom ar an chonair 1.4km agus tosaíonn sí le mala ghéar. Moltar go gcaitear éadaí teo agus bróga oiriúnacha.
Ní bheidh cead páirceála ag Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn le linn an imeachta, ach amháin do dhaoine a bhfuil suaitheantas gorm acu. Cuirfear áiseanna 'páirceáil agus taistil' ar fáil le linn na féile. Beidh eolas ar pháirceáil agus taistil ar fáil ar shuíomh gréasáin *Visit Mourne*.

Is imeacht saor in aisce é Coiscéimeanna na Coille ach caithfear áit a chur in áirithe. Beidh ticéid ar fáil ar an Aoine 14 Deireadh Fómhair ar shuíomh gréasáin Visit Mourne: visitmournemountains.co.uk mar sin moltar go leantar leathanaigh mheán sóisialta de chuid *Visit Mourne* le meabhrúcháin agus eolas nua a fheiceáil. Tá eolas ar shuíomh gréasáin *Visit Mourne* fosta maidir le lóistín, áiteanna le hithe agus rudaí le déanamh i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin – cén fáth nach nglacfá sos sa cheantar!

**CRÍOCH**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Phreasoifig
Fón: 0330 137 4006
Rphost: marketing@nmandd.org